



**Comhairle Contae  
Dhún na nGall**  
Donegal County Council

I gcomhar le



**BYRNELOOBY**

**ARCADIS**

## Bealach Féich - Srath an Urláir Scéim Faoisimh Tuilte



**Nuachtlitir  
Meán Fómhair  
2021**

**SAN EAGRÁN SEO**

## Cuspóir an Tionscadail

An cuspóir atá le Scéim Faoisimh Tuilte Bhealach Féich-Srath an Urláir ná an riosca a laghdú go mbeidh tuilte i Bhealach Féich-Srath an Urláir, trí scéim a sholáthar atá inghlactha ón taobh teicniúil, eacnamúil agus ó thaobh an chomhshaoil agus an phobail de.

### Réamhrá don Tionscadal

Achoimre ar chúlra an tionscadail agus an dóigh ar tháinig muid a fhad leis seo.

Lch 2

### Ceantar na Scéime

Imlíne ar Cheantar na Scéime do Bhealach Féich-Srath an Urláir

Lch 3

### Comhairliúchán Poiblí

Eolas maidir leis an Imeacht Comhairliúchán Poiblí a bheas ar siúl ar Shuíomh Gréasáin an Tionscadail.

Lch 4

# Réamhrá don Tionscadal

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall mar Údarás Ceannasach agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ag cur Scéim Faoisimh Tuilte Bhealach Féich – Shrath an Urláir chun tosaigh.

Tá sé molta ag an OPW go ndéanfar forbairt ar Scéim Faoisimh Tuilte do Bhealach Féich – Shrath an Urláir de thoradh na hoibre a rinneadh ar Staidéar Measúnaithe agus Bainistithe Riosca Tuilte an Iar-Thuaiscirt/Loch nEathach/na Banna (CFRAM).


Tá an Scéim Faoisimh Tuilte mar chuid den Chiste Náisiúnta €1bn do Scéimeanna Faoisimh Tuilte ar fud na tíre a d'fhógair an Rialtas i mBealtaine 2018. Tá Bealach Féich – Srath an Urláir suite i gContae Dhún na nGall.

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Dhún na nGall ByrneLooby i mBealtaine 2021, chun Scéim Faoisimh Tuilte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Bhealach Féich – Shrath an Urláir.



*Carrchlós Jacksons, Bealach Féich – Srath an Urláir le linn tuile Nollaig 2015*





## Ceantar na Scéime

Tá Ceantar na Scéime leagtha amach thuas don Tionscadal, agus tá an Fhinn agus a cuid craobh-aibhneacha san áireamh ann. Áireofar sa Cheantar Staidéir aon cheantair a éileoidh measúnú hidreolaíochta nó timpeallachta mar chuid den scéim. Táthar ag déanamh go mbeidh Abhantrach na Finne a dhéanann draenáil isteach ar a laghad i gceist i gCeantar na Scéime san áireamh chomh maith le haibhneacha áitiúla.

Déanfar breithniú freisin ar bheartais lasmuigh de cheantar na scéime a dhéanann maolúchán tuilte don cheantar imlínithe.

## Obair Thimpeallachta

Má táthar le scéim inrite a fhorbairt, beidh gá le measúnuithe mionsonraithe timpeallachta lena n-áirítear suirbhéanna bonnlíne ar an éiceolaíocht talaimh agus uisce, an oidhreacht seandálaíochta agus chultúrtha, an tírdhreach agus cáilíocht an uisce. Beidh tuarascáil constaicí ann dá bhun seo a chabhróidh le scéim inghlachta a fhorbairt. Leagfar amach sainaitheantú agus bainistiú aon tionchair chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann i Ráiteas Tionchair Natura agus i dTuarascáil Mheasúnaithe Tionchar Timpeallachta.

# Rannpháirtíocht leis an Phobal

Ar líne ag:

<https://www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/project-info/public-engagement/>

**Dáta:** 27 Meán Fómhair go 22 Deireadh Fómhair 2021

Cuspóir an imeachta seo ná aithne a chur ar fhoireann an tionscadail, an próiseas a bhreacadh maidir le soláthar na scéime agus eolas luachmhar a fháil ón phobal agus ó pháirtithe leasmhara. Beidh seo riachtanach le cuspóir an tionscadail a bhaint amach agus táimid ag iarraidh aon tuairimí tosaigh a bheadh ann faoin scéim seo nó faoi thuilte a bhí ann cheana.

Is féidir cruinnithe a eagrú chomh maith le haghaidh 13 Deireadh Fómhair 2020 idir 6in agus 8in ach sin a iarraidh trí choinne amháin. Cuir glaoch ar Aonad Scéimeanna Faoisimh Tuilte Chomhairle Contae Dhún na nGall ar 074 9153900 nó cuir r-phost chuig [floodreliefschemes@donegalcoco.ie](mailto:floodreliefschemes@donegalcoco.ie)

## Agus anois?

Sna míonna beaga romhainn, beidh Foireann an Tionscadail ag obair ar na nithe a leanas:

- ➔ Bailiúchán sonraí
- ➔ Suirbhéanna timpeallachta agus hidriméadrachta abhann a dhéanamh
- ➔ Suirbhéanna ar an riocht ina bhfuil Cosaintí reatha
- ➔ Imeachtaí Teagmháil Phoiblí
- ➔ Hidreolaíocht – Anailís ar shonraí abhann agus fearthainne, tuilte a bhí ann cheana san áireamh, atá le húsáid sa dearadh.
- ➔ Mionsamhlú Hiodrálach ar Aibhneacha chun tuilte a shamhlú agus feidhmíocht beartas maolúcháin tuilte a mheas



## Bí i dTeagmháil Linn

Dá mba mhaith leat teagmháil a dhéanamh lenár bhFoireann Tionscadail faoi aon rud a bhaineann le Scéim Faoisimh Tuilte Bhealach Féich – Shrath an Urláir, is féidir sin a dhéanamh leis na sonraí thíos:

### Ríomhphost

[Ballybofey-StranorlarFRS@ByrneLooby.com](mailto:Ballybofey-StranorlarFRS@ByrneLooby.com)

### Post

Bainisteoir Tionscadail Ballybofey-Stranorlar FRS  
ByrneLooby  
Foirgneamh 2100  
Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí  
Bóthar Chionn tSáile  
Corcaigh

### Fón

+353 (0) 21 240 7988

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim ar ár suíomh gréasáin:

[www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/home/](http://www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/home/)